Parlaimint na hEorpa
2019-2024

Suí iomlánach

A9-0015/2019

3.10.2019

***I
TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020)
(COM(2019)0397 – C9-0109/2019 – 2019/0180(COD))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Vilija Blinkevičiūtė

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí atá beartaithe sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann an leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian leis an bParlaimint a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne an roinn dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 6

LITIR ÓN GCOISTE UM BUISÉID 7

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH 8

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....9

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020)
(COM(2019)0397 – C9-0109/2019 – 2019/0180(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2019)0397),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 175, an tríú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0109/2019),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle ina litir an 2 Deireadh Fómhair 2019, go ndéanfaí seasamh na Parlaiminte a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0015/2019),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh, lena nglacann sí ceannas ar an togra ón gCoimisiúin;

2. ag formheas a ráitis atá i gceangal leis an rún seo;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má bhíonn sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

RÁITEAS Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

Iarrann Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar cur i bhfeidhm solúbtha Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020), i gcás tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas, go háirithe maidir le comhiarratais a mbeidh FBManna páirteach iontu i gcásanna aonair nó i gcásanna ilearnálacha.

LITIR ÓN GCOISTE UM BUISÉID

Bn. Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cathaoirleach
An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) (COM(2019)0397 – C9-0109/2019 – 2019/0180(COD))

A Chathaoirligh, a chara,

Tá togra ón gCoimisiún lena leasaítear an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, tarchurtha chuig an gCoiste um Buiséid chun tuairim a fháil uaidh ina leith. Tuigim go bhfuil sé beartaithe tuarascáil air sin a ghlacadh sa Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta go luath i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Tá an togra sin mar chuid de phlean ullmhachta agus teagmhasach an Aontais maolú a dhéanamh ar an suaitheadh is suntasaí a thiocfaidh as tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas gan comhaontú um tharraingt siar. Sonrófar sna hathruithe atá beartaithe go dtiocfaidh na hiomarcaíochtaí de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas gan comhaontú um tharraingt siar faoi raon feidhme CED. Tá sé mar aidhm leis an togra ón gCoimisiún, comhartha polaitiúil a thabhairt go bhféadfadh CED freagairt éifeachtach a thabhairt trí chúnamh a chur ar fáil d'oibrithe arna gcur ar iomarcaíocht i limistéir, earnálacha, críocha nó margaí saothair a bheidh thíos le mórshuaitheadh eacnamaíoch mar gheall ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas gan comhaontú um tharraingt siar. Ní dhéantar aon mhodhnú ar uasmhéid bliantúil CED leis an togra.

Is mian liom a chur in iúl go ndearbhaítear go soiléir sa togra reatha, tuairim dhaingean sheanbhunaithe na Parlaiminte, nach ndéantar an méid solúbthachta atá de dhíth orainn a sholáthar sa chreat buiséadach reatha.
Rinne comhordaitheoirí an Choiste measúnú ar an togra sin, agus d'iarr siad orm scríobh chugat lena chur in iúl duit go bhfuil an Coiste seo i bhfabhar leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú arna mholadh ag an gCoimisiún.

Is mise, le meas,

Johan Van Overtveldt

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

Teideal	Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020)
Tagairtí	COM(2019)0397 – C9-0109/2019 – 2019/0180(COD)
Dáta a thíolactha don Pharlaimint	5.9.2019
Coiste freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	EMPL 16.9.2019
Coistí ar iarradh tuairim orthu Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	BUDG 16.9.2019
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	Vilija Blinkevičiūtė 3.9.2019
Pléite sa choiste	24.9.2019
Dáta an ghlactha	2.10.2019
Toradh na vótála críochnaithí	+: 53 –: 0 0: 2
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Atidzhe Alieva-Veli, Abir Al-Sahlani, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Jane Brophy, Sylvie Brunet, David Casa, Özlem Demirel, Klára Dobrev, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Rosa Estaràs Ferragut, Nicolaus Fest, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Chiara Gemma, Alicia Homs Ginel, France Jamet, Agnes Jongerius, Radan Kanev, Ádám Kósa, Stelios Kympouropoulos, Katrin Langensiepen, Elena Lizzi, Radka Maxová, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Matthew Patten, Sandra Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Alexandra Louise Rosenfield Phillips, Dragoş Pîslaru, Manuel Pizarro, Miroslav Radačovský, Dennis Radtke, Elżbieta Rafalska, Guido Reil, Daniela Rondinelli, Mounir Satouri, Monica Semedo, Beata Szydło, Eugen Tomac, Romana Tomc, Nikolaj Villumsen, Marianne Vind, Maria Walsh, Tatjana Ždanoka, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Brando Benifei, Andrea Caroppo, José Gusmão, Pierfrancesco Majorino, Bill Newton Dunn, Anna Zalewska
Dáta don chur síos	4.10.2019

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

53	+
ECR	Lucia Ďuriš Nicholsonová, Elżbieta Rafalska, Beata Szydło, Anna Zalewska
GUE/NGL	Özlem Demirel, José Gusmão, Sandra Pereira, Nikolaj Villumsen
ID	Andrea Caroppo, Nicolaus Fest, France Jamet, Elena Lizzi, Guido Reil
NI	Chiara Gemma, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Miroslav Radačovský, Daniela Rondinelli
PPE	David Casa, Jarosław Duda, Rosa Estaràs Ferragut, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Radan Kanev, Ádám Kósa, Stelios Kympouropoulos, Dennis Radtke, Eugen Tomac, Romana Tomc, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský
RENEW	Atidzhe Alieva-Veli, Jane Brophy, Sylvie Brunet, Radka Maxová, Bill Newton Dunn, Dragoş Pîslaru, Monica Semedo
S&D	Brando Benifei, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Klára Dobrev, Estrella Durá Ferrandis, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius, Pierfrancesco Majorino, Manuel Pizarro, Marianne Vind
VERTS/ALE	Katrin Langensiepen, Kira Marie Peter-Hansen, Alexandra Louise Rosenfield Phillips, Mounir Satouri, Tatjana Ždanoka

0	-

2	0
NI	Matthew Patten
RENEW	Abir Al-Sahlani

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh